

# Cluiche cártaína sráideanna

## Athraigh do thuras, athraigh do chomharsanacht

## Cuspóirí

Foghlaim faoi na hidirghabhálacha ar féidir leo an taisteal gníomhach a dhéanamh níos sábháilte agus níos sultmhara do gach duine sa chomharsanacht áitiúil

## Plean don tseisiún

Gearr amach cártaí chluiche cártaí na sráideanna agus tabhair paca do gach dalta nó do gach grúpa de dhaltaí.

Oibrigh trí na gníomhaíochtaí ar threoir leideanna an mhúinteora. Do gach cás spreag na daltaí leis na cártaí is fóirsteanaí, dar leo, a roghnú.

## Obair bhreise

Taispeáin do na daltaí an táscaire ar shráid fholláin leis an cheantar in aice le do scoil a mheas agus lena phlé cad é mar is féidir an chomharsanacht áitiúil a fheabhsú.

Más mian leat iniúchadh iomlán a dhéanamh ar an cheantar timpeall na scoile, agus na daltaí a spreagadh le forógra a chruthú maidir leis an dóigh a sráideanna a dhéanamh níos sábháilte agus níos glaise, thig leat ár n-acmhainní don tsuirbhé mhór sráide a íoslódáil.

## Cur in oiriúint

Má tá gníomhaíochtaí chluiche cártaí na sráideanna ródhúshlánach do do dhaltaí, thig leat na ceisteanna seo a chur orthu:

- Cé acu scéim is fearr don rothaíocht nó don tsiúl?
- Cé acu scéim a bhfuil an chraic is mó ag baint léi?
- Cé acu scéim is fearr leat?

Nó abair leis na daltaí na scéimeanna is éifeachtaí dar leo a dhathú isteach.

### Am atá de dhíth

30–45 bomaite

### Acmhainní atá de dhíth

Cluiche cártaí na sráideanna

Siosúr

### Gníomhaíocht aonair/grúpa

An dá rud

### Nasc curaclaim

An saol thart orainn

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)

Leathanach oibre an dalta:

# Cluiche cártaína sráideanna

Athraigh do thuras, athraigh do chomharsanacht

BIG WALK AND WHEEL
16 – 27 Marta 2026
Walk Wheel Cycle Trust
Headline sponsor SCHWALBE

## Gníomhaíochtaí chluiche cártaí na sráideanna

### Gníomhaíocht 1
Tá do chomhairle áitiúil ag iarraidh scéim a chur chun cinn don cheantar timpeall ar do theach atá fóirsteanach don tsiúl nó don rothaíocht.

Roghnaigh cúig chárta ina bhfuil an scór ar son siúil nó rothaíochta níos mó ná 40 san iomlán.

Faigheann tú amach nach bhfuil de scór costais agat ach sé "£" san iomlán le caitheamh (££££££). An gcaithfidh tú do smaointe a athrú? An mbeidh do scéim níos fearr nó níos measa?

### Gníomhaíocht 2
Cruthaigh scéim atá fóirsteanach don tsiúl agus rothaíocht agus do charanna.

Roghnaigh cúig chárta ina bhfuil an scór ar son siúil nó rothaíochta agus an scór ar son caranna níos mó ná 35 an ceann. An bhfuil an scéim chomh maith leis an scéim atá fóirsteanach don tsiúl agus rothaíocht amháin i nGníomhaíocht 1?

### Gníomhaíocht 3
Is é cuspóir na chéad scéime eile do shráid a dhéanamh chomh sábháilte agus is féidir. Dear scéim trí cheithre chárta a roghnú a bhfuil scór sábháilteachta 9 nó 10 ann. Cé acu a roghnóidh tú?

### Gníomhaíocht 4
An dtig leat rud éigin a dhéanamh go gasta, go furasta AGUS ar bheagán costais? Roghnaigh ceithre chárta ina bhfuil an scór gasta agus furasta 25 ar a laghad san iomlán, agus nach mó an scór costais iomlán iontú ná cúig (£££££).

### Gníomhaíocht 5
Cad é an spraoi is mó is féidir a bheith agat? Roghnaigh cúig chárta ina bhfuil fachtóir spraoi 35 san iomlán.

### Gníomhaíocht 6
Déan do shráid chomh hálainn agus is féidir. Cad iad na cúig chárta ina bhfuil scór áilleachta 35 san iomlán?

### Gníomhaíocht 7
Roghnaigh na cúig chárta is fearr a dhéanfadh an scéim is fearr do do chomharsanacht. Iarr ar dhuine fásta an scéim is fearr leo a roghnú. Labhair faoi na difríochtaí agus cad chuige a síleann sibh go mbeadh na scéimeanna a roghnaigh sibh níos fearr. Cé atá ábalta a chur ina luí ar an duine eile gurb é an scéim is rogha leo an ceann is fearr?

### Gníomhaíocht 8
Anois, bíodh cluiche cártaí na sráideanna agaibh.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)

Walk Wheel Cycle Trust

Leathanach oibre an dalta

# Cluiche cártaí na sráideanna

BIG WALK AND WHEEL
16 – 27 Marta 2026

Walk Wheel Cycle Trust
Headline sponsor SCHWALBE



## Raonta rothar

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht ........ 10
Fóirsteanach do charranna ........ 6
Spraoi ........ 7
Gasta agus furasta a dhéanamh ........ 2
Áilleacht ........ 7
Sábháilteacht ........ 9
Costas ........ £££££

Cuireann siad seo spás ar fáil do dhaoine le bheith ag rothaíocht go sábháilte, agus spreagann siad níos mó daoine le bheith ag rothaíocht. Ach baineann siad spás ar shiúl ó charanna.



## Soilse tráchta

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 7
Fóirsteanach do charranna ........ 8
Spraoi ........ 2
Gasta agus furasta a dhéanamh ........ 3
Áilleacht ........ 3
Sábháilteacht ........ 8
Costas ........ £££££

Tugann siad seo ar an trácht stopadh le ligean do dhaoine dul trasna go sábháilte. Tuigeann daoine iad go maith, ach ní i gcónaí a bhíonn siad curtha san áit ar mhaith leat iad a bheith ann.



## Cúngú bóthair

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 8
Fóirsteanach do charranna ........ 5
Spraoi ........ 4
Gasta agus furasta a dhéanamh ........ 4
Áilleacht ........ 6
Sábháilteacht ........ 8
Costas ........ £££

Is ionann bóithre níos cúinge agus níos mó spás do dhaoine ar an chosán. Caithfidh an trácht dul níos moille, carr amháin ag am amháin, rud atá níos sábháilte.



## Páirceanna súgartha sráide

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 9
Fóirsteanach do charranna ........ 4
Spraoi ........ 10
Gasta agus furasta a dhéanamh ........ 2
Áilleacht ........ 9
Sábháilteacht ........ 9
Costas ........ £££

Osclaíonn siad seo an tsráid suas do dhaoine le bheith ag súgradh. Uaireanta is féidir leis an trácht leanstan ar aghaidh go fóill, ach bíonn sé níos moille mar tá a fhios ag tiománaithe go bhfuil páistí ann.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)Teidil chreidiúna grianghraf: Jason Falconer/ Walk Wheel Cycle Trust; J Bewley/photojb

Leathanach oibre an dalta

# Cluiche cártaí na sráideanna




## Druidim sráide

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht ........ 10
Fóirsteanach do charranna ........ 0
Spraoi ........ 10
Gasta agus furasta a dhéanamh ........ 7
Áilleacht ........ 8
Sábháilteacht ........ 10
Costas ........ £

Má dhruidtear sráideanna go sealadach do charranna thig leat a bheith ag súgradh go sábháilte nó cóisir shráide a reáchtáil, agus thig leis seo cuidiú le daoine comhphobal a fhorbairt.



## Cosc a chur ar pháirceáil ar an chosán

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 7
Fóirsteanach do charranna ........ 7
Spraoi ........ 3
Gasta agus furasta a dhéanamh ........ 8
Áilleacht ........ 3
Sábháilteacht ........ 9
Costas ........ £

Cruthaíonn seo níos mó spáis ar an chosán, agus cuidíonn sé go háirithe le daoine i gcathaoireacha rothaí, bugaithe nó áiseanna soghluaiseachta. Ach is féidir go mbeidh imní ar chuid de na tiománaithe go mbualfar a gcarranna.



## Binsí

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 9
Fóirsteanach do charranna ........ 5
Spraoi ........ 7
Gasta agus furasta a dhéanamh ........ 7
Áilleacht ........ 9
Sábháilteacht ........ 8
Costas ........ ££

Cuireann binsí áiteanna sábháilte ar fáil le suí, rud a spreagann daoine le níos mó ama a chaitheamh ar an tsráid. Síleann cuid de na daoine go spreagann siad iompar frithshóisialta.



## Trasrianta síogacha

Fóirsteanach don tsiúl agus donrothaíocht 6
Fóirsteanach do charranna ........ 8
Spraoi ........ 3
Gasta agus furasta a dhéanamh ........ 4
Áilleacht ........ 6
Sábháilteacht ........ 7
Costas ........££££

Cuireann siad seo ar fáil áiteanna sábháilte leis an bhóthar a thrasnú. Ní chaithfidh carranna stopadh an t-am ar fad, mar atá amhlaidh i gcás soilse tráchta, ach caithfidh siad stopadh nuair atá duine éigin ag fanacht le trasnú.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)Teidil chreidiúna grianghraf: Jason Falconer/ Walk Wheel Cycle Trust; J Bewley/photojb

Leathanach oibre an dalta


# Cluiche cártaí na sráideanna



## Crainn

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 8
Fóirsteanach do charranna .......................... 7
Spraoi ...................................................... 7
Gasta agus furasta a dhéanamh ..................8
Áilleacht ................................................. 10
Sábháilteacht .......................................... 8
Costas ...................................................... £

Cruthaíonn crainn bacainní nádúrtha, ach thig leo a bheith rófhásta agus constaicí a chruthú mura ndéantar bainistíocht orthu. Uaireanta scoilteann fréamhacha an cosán agus an bóthar, rud a chruthaíonn deacracht do dhaoine atá ag siúl agus ag rothaíocht.



## Comharthaí bóthair

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 5
Fóirsteanach do charranna .......................... 9
Spraoi ...................................................... 2
Gasta agus furasta a dhéanamh ................ 7
Áilleacht ................................................. 4
Sábháilteacht .......................................... 5
Costas ...................................................... ££

Cuireann siad seo in iúl do thiománaithe cad é atá le déanamh acu. Ach tá siad chomh coitianta sin go ndéanann tiománaithe neamhaird orthu in amanna. Ní i gcónaí a athraíonn comharthaí iompraíocht gan rudaí eile amhail uchtóga moillithe nó siceáin.



## Trasrianta tíogair

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 8
Fóirsteanach do charranna .......................... 7
Spraoi ...................................................... 8
Gasta agus furasta a dhéanamh ................ 6
Áilleacht ................................................. 8
Sábháilteacht .......................................... 8
Costas ...................................................... ££

Is féidir trasríonta síogacha, is é sin áiteanna le dul trasna an bhóthair ,ar a bhfuil stríoca dubha agus bána, a dhéanamh níos spéisiúla agus níos spraíúla. Is minic trácht a bheith níos moille mar gheall orthu a bheith difriúil, rud a fhágann go bhfuil sé níos sábháilte do chách.




## Siceáin

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 8
Fóirsteanach do charranna .......................... 6
Spraoi ...................................................... 3
Gasta agus furasta a dhéanamh ................ 5
Áilleacht ................................................. 6
Sábháilteacht .......................................... 7
Costas ...................................................... ££

Cruthaíonn siad seo lúbanna sa bhóthar, mar sin moillíonn an trácht. Is minic nach féidir ach le carr amháin dul fríd ag am amháin, á dhéanamh níos sábháilte do gach duine.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)Teidil chreidiúna grianghraf: Jason Falconer/ Walk Wheel Cycle Trust; J Bewley/photojb

Leathanach oibre an dalta

# Cluiche cártaí na sráideanna



## Soithí plandaí

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 9
Fóirsteanach do charranna ........................ 6
Spraoi ............................................................. 7
Gasta agus furasta a dhéanamh .................8
Áilleacht ........................................................ 9
Sábháilteacht ................................................ 9
Costas ........................................................ ££

Cuireann siad seo cuma níos nádúrtha ar shráid. Is féidir iad a úsáid chomh maith le luasteorainn 20msu le trácht a mhoilliú agus an tsráid a dhéanamh níos spéisiúla.



## Uchtóga moillithe

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 7
Fóirsteanach do charranna ......................... 5
Spraoi ............................................................. 3
Gasta agus furasta a dhéanamh .................. 3
Áilleacht ........................................................ 4
Sábháilteacht ................................................ 8
Costas .......................................................££££

Moillíonn siad seo síos trácht mar mothaíonn tiománaithe uchtóg nuair a théann siad thairsti. Síleann roinnt tiománaithe go ndéanann uchtóg dochar dá gcarr, ach is é an fáth a dtarlaíonn seo ná má théann siad róghasta thairsti.




## Sráideanna aontreo

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 7
Fóirsteanach do charranna .......................... 6
Spraoi ............................................................. 3
Gasta agus furasta a dhéanamh .................. 3
Áilleacht ........................................................ 5
Sábháilteacht ................................................ 7
Costas .......................................................£££

Má dhéanaimid sráideanna aontreo, is féidir spás a dhéanamh do rudaí eile, cosúil le cosáin agus raonta rothar níos mó. Ní chaithfidh tú ach amharc treo amháin nuair atá tú ag trasnú an bhóthair, rud a dhéanann é níos fusa agus níos sábháilte.



## Síntí colbha cúinne

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 9
Fóirsteanach do charranna ......................... 7
Spraoi ............................................................. 4
Gasta agus furasta a dhéanamh ................. 3
Áilleacht ........................................................ 8
Sábháilteacht ................................................ 8
Costas .......................................................£££

Ní féidir le tiománaithe cúinní a ghearradh agus tiomáint go gasta nuair a chasanna an bóthar, mar sin caithfidh siad moilliú. Tá níos mó spáis ann do choisithe, a bhfuil radharc níos fearr acu agus atá níos fusa a fheiceáil.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)Teidil chreidiúna grianghraf: Jason Falconer/ Walk Wheel Cycle Trust; J Bewley/photojb

Leathanach oibre an dalta

# Cluiche cártaí na sráideanna

Big Walk and Wheel
16 – 27 Marta 2026
Walk Wheel Cycle Trust
Headline sponsor SCHWALBE




## Ealaín sráide

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 8
Fóirsteanach do charranna ........................... 8
Spraoi ........................................................ 9
Gasta agus furasta a dhéanamh ................ 10
Áilleacht .................................................... 9
Sábháilteacht ............................................. 7
Costas ........................................................ £

Is féidir leis seo an tsráid a dhéanamh níos gile, dath a chur léith, agus féiniúlacht áite a thaispeáint. Is féidir é a úsáid le teachtaireacht a chur in iúl. Ach síleann roinnt daoine go bhfuil sé frithshóisialta.



## Páircíní

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 8
Fóirsteanach do charranna ......................... 3
Spraoi ........................................................ 9
Gasta agus furasta a dhéanamh ................ 9
Áilleacht .................................................... 8
Sábháilteacht ............................................. 8
Costas ........................................................ £

Tiontaíonn seo spás páirceála ina spás sultmhar do dhaoine. Féadfaidh binsí agus gairdín beag a bheith san áireamh ann. Ach b'fhearr le roinnt daoine an spás a úsáid lena gcarranna a pháirceáil.




## Limistéir 20msu

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 9
Fóirsteanach do charranna ......................... 7
Spraoi ........................................................ 6
Gasta agus furasta a dhéanamh ................ 4
Áilleacht .................................................... 5
Sábháilteacht ............................................. 9
Costas ......................................................££££

Dá mbeadh trácht ag dul ag 20msu bheadh níos lú timpistí ann, agus ní bheadh siad chomh dáiríre. Ach síleann roinnt daoine go mbíonn cathú ar thiománaithe tiomáint níos gasta, agus nach mbeadh daoine chomh faicheallach céanna.



## Péinteáil sráide

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 8
Fóirsteanach do charranna ......................... 8
Spraoi ........................................................ 10
Gasta agus furasta a dhéanamh ................ 9
Áilleacht .................................................... 10
Sábháilteacht ............................................. 8
Costas ........................................................ £

Má dhéantar an tsráid a phéinteáil tá cuma níos spéisiúla uirthi. Is féidir muintir na comharsanachta a bheith páirteach, rud a chruthóidh muintearas sa phobal. Ach le himeacht ama is féidir cuma chaite ghioblach teacht uirthi.


Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)Teidil chreidiúna grianghraf: Jason Falconer/ Walk Wheel Cycle Trust; J Bewley/photojb

Leathanach oibre an dalta

# Cluiche cártaí na sráideanna



## Páirceáil rothar

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht ........................................ 10
Fóirsteanach do charranna ........................ 5
Spraoi ........................................................... 7
Gasta agus furasta a dhéanamh ............... 9
Áilleacht ........................................................ 8
Sábháilteacht ............................................. 7
Costas ........................................................ £

Cuireann seo ar fáil spás le rothair a pháirceáil, rud a chuireann fáilte roimh rothaithe. Is mó an seans go rachaidh daoine ar rothair go siopaí áitiúla agus go gcaithfidh siad a gcuid airgid iontu.



## Ceamaraí luais

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 6
Fóirsteanach do charranna ........................ 4
Spraoi ........................................................... 0
Gasta agus furasta a dhéanamh ............... 4
Áilleacht ........................................................ 1
Sábháilteacht ............................................. 7
Costas ............................................£££££

Tá a fhios ag tiománaithe go gcaithfidh siad moilliú do cheamaraí, nó gearrfar fíneáil orthu. Síleann roinnt daoine go bhfuil sé níos contúirtí má bhíonn tiománaithe ag moilliú agus ag géarú luais arís.



## Scagairí

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 9
Fóirsteanach do charranna ........................ 5
Spraoi ........................................................... 7
Gasta agus furasta a dhéanamh ............... 7
Áilleacht ........................................................ 9
Sábháilteacht ............................................. 9
Costas ........................................................ ££

Is é seo nuair nach bhfuil cead ag carranna isteach ar shráid, ach gur féidir le rothair agus coisithe dul fríd go fóill. Mar gheall air seo bíonn spásanna níos pléisiúrtha agus ní féidir le daoine tiomáint fríd.



## Oileáin tráchta

Fóirsteanach don tsiúl agus don rothaíocht 6
Fóirsteanach do charranna ........................ 8
Spraoi ........................................................... 2
Gasta agus furasta a dhéanamh ............... 3
Áilleacht ........................................................ 5
Sábháilteacht ............................................. 7
Costas ..............................................£££

Mar gheall orthu seo bíonn sé níos fusa an bóthar a thrasnú mar thig leat stopadh sa lár. Déanann seo an lána níos cúinge, mar sin moillíonn trácht. Ach is féidir go mbrúifidh tiománaithe rothaithe amach.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)Teidil chreidiúna grianghraf: Jason Falconer/ Walk Wheel Cycle Trust; J Bewley/photojb

Leathanach oibre an dalta

# Cluiche cártaí na sráideanna




Foinse: Lucy Saunders. healthystreets.com

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)

Leathanach oibre an dalta

# Cluiche cártaí na sráideanna

**Amharc ar na sráideanna timpeall do scoile agus tabhair scór dóibh ó 1 go dtí 10.**
**Leid:** thig leat gach pointe a rátáil le haghaidh shásta nó aghaidh mhíshásta más fearr leat.

| Táscaire ar shráid fholláin | Scór do shráide (ó 1 go 10) |
|---|---|
| Mothaíonn gach duine go bhfuil fáilte rompu | |
| Furasta dul trasna an bhóthair | |
| Scáth agus foscadh | |
| Áiteanna le stopadh agus scíth a ligean | |
| Gan barraíocht trup a bheith ann | |
| Roghnaíonn daoine siúl agus rothaíocht a dhéanamh | |
| Mothaíonn daoine sábháilte | |
| Rudaí le feiceáil agus le déanamh | |
| Mothaíonn daoine go bhfuil siad ar a suaimhneas | |
| Aer glan | |

Gheobhaimid scór meánach.

Suimigh do chuid uimhreach le figiúr iomlán a fháil:

Roinn an uimhir ar 10:

Bunaithe ar na táscairí ar shráideanna folláine, cad iad na cártaí i gcluiche na gcártaí sráide is fearr a oibríonn don chomharsnacht taobh amuigh de do scoil?

Déan iarracht cártaí ó chluiche cártaí na sráideanna a úsáid le do chomharsanacht a dhearadh ionas gur féidir le níos mó daoine siúl agus rothaíocht a dhéanamh chun na scoile.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)